Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

S61AT

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2005*

# *Grafaic Theicniúil*
# *Ardleibhéal*
# *Roinn A* *(120 marc)*

***Dé Luain 20 Meitheamh***

***Maidin 9:30 go 12:30***

| Uimhir an Ionaid |
| --- |
| |

***Treoracha***

*(a)* *Freagair* **deich** *gceist ar bith sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(b)* *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

*(c)* *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

*(d)* *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(e)* *Scríobh d'uimhir scrúdaithe go soiléir sa bhosca atá ann di thíos agus ar gach bileog breise a úsáideann tú.*

| **Ceist** | **Marc** |
| --- | --- |
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Uimhir Scrúdaithe*** | |

**1.** Líon isteach an lipéad do gach léaráid trí rogha a dhéanamh as an tábla a thaispeántar.


| Tábla | | | |
|---|---|---|---|
| Ingearach | Géar | Ceathramhán | Tadhlaí |



**1.** ____________ **2.** ____________ **3.** ____________ **4.** ____________


**2.**

Scáthaigh an sceitse den bholgán solais a thaispeántar.




**3.** Téann an tairne N tríd an roth mar a thasipeántar thíos. Rollann an roth ar feadh na líne AB sa treo a chuireann an tsaighead in iúl. Aimsigh an áit a mbuaileann an tairne N agus an líne AB le chéile.

.




**4.** Taispeánann an ghreille chearnógach ingearchló, bonnchló agus taobhchló tí. Críochnaigh an sceitse pictiúrtha A den teach.




**5.** Tá fuinneog chearnógach le cur in áit fuinneoige dronuilleogaí agus an t-achar céanna inti.

Taispeáin an tógáil is gá chun méid na fuinneoige cearnógaí a aimsiú.




**6.** Tá na haiseanna X agus Y a thaispeántar thíos marcáilte ag eatraimh 5 aonad. Luaigh comhordanáidí na bpointí atá marcáilte ag A, B agus C.

**A** ____________

**B** ____________


**C** ____________



**7.**


Taispeánann an fhíor ingearchló agus bonnchló báid le seol triantánach.

Aimsigh fíorchruth an tseoil.




**8.** Taispeántar ingearchló agus taobhchló de cheamara póca.

Tarraing sceitse pictiúrtha **saorláimhe** den cheamara sa spás a thugtar.




**9.** Liostaigh na horduithe CAD a úsáidtear chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an bhfíor mar a thaispeántar sa seicheamh thíos.



**Orduithe a úsáidtear:** ____________ ____________ ____________

**10.** Taispeánann an fhíor líníocht pheirspictíoch neamhiomlán de phianó leictreach.


Críochnaigh an líníocht agus úsáid á baint as na pointí téaltaithe a thugtar.



**11.**


Taispeántar bonnchló de chlaibín próca caife.

Tarraing an claibín tar éis é a bheith scaoilte trí 45° ar tuathal mar a thaispeántar leis an tsaighead.



**12.** Taispeánann an fhíor cuid de chúrsa ráis a bhfuil stuanna agus línte díreacha ann. Taispeántar láir na gcuar.

Aimsigh na pointí teagmhála go léir.




**13.**


Taispeántar ingearchló agus bonnchló de chón.


Taispeántar bonnchló de phointe P ar dhromchla an chóin freisin.

Aimsigh ingearchló an phointe P.




**14.** Luaigh tomhas na n-uillinneacha atá marcáilte ag A, B agus C.





**A =** _______________ **B =** _______________ **C =** _______________

**15.** Léiríonn suirbhé ar an úsáid sheachtainiúil a bhaintear as an bhfón póca na torthaí seo a leanas do cheathrar mac léinn A, B, C agus D.

A - 180 nóiméad
B - 45 nóiméad
C - 90 nóiméad
D - 45 nóiméad

Roinn an ciorcal a thugtar chun an t-eolas seo a léiriú go grafach.

Scáthaigh **NÓ** dathaigh an léaráid chríochnaithe.



Leathanach Bán

Leathanach Bán

S 61BT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
## *State Examinations Commission*

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2005***

# *Grafaic Theicniúil*
# *Ardleibhéal*
# *Roinn B* *(280 marc)*

## *Dé Luain 20 Meitheamh*

## *Maidin 9:30 - 12:30*

***Treoracha***

*(a) Freagair **ceithre cheist ar bith**.*

*(b) Tá na ceisteanna uile sa roinn seo ar aon mharc.*

*(c) Ní mór uimhir na ceiste a scríobh go soiléir le hais an fhreagra a ghabhann léi.*

*(d) Ná bain úsáid ach as **taobh amháin** den pháipéar.*

*(e) Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar gach bileog a úsáideann tú.*

## ROINN B (FREAGAIR CEITHRE CHEIST AR BITH -TÁ NA CEISTEANNA UILE AR AON MHARC)

### 1.


Taispeántar cló pictiúrtha de ghléasán ceoil.

(a) Tarraing ingearchló ag féachaint i dtreo na saighde A.

(b) Teilg bonnchló ón ingearchló.

(c) Teilg taobhchló i dtreo na saighde B.

(d) Aimsigh fíorchruth an dromchla S.






### 2.

Taispeántar ingearchló agus bonnchló péire geataí. Tá na barraí ingearacha sa chiorcal spásáilte go cothrom.

(a) Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló a thugtar agus taispeáin na tógálacha go léir.

(b) Teilg ingearchló de na geataí agus iad ar oscailt mar a léirítear leis na línte briste sa bhonnchló.



**3.** Taispeántar na haiseanna aicsiniméadracha is gá le haghaidh teilgin isiméadraigh de chomhartha bóthair.

(a)


(i) Tarraing na haiseanna aicsiniméadracha mar a thaispeántar.

(ii) Tarraing an bonnchló agus é treoshuite ag 45° mar a thaispeántar.

(iii) Tarraing an taobhchló agus é treoshuite ag 15° mar a thaispeántar.

*Bain úsáid as do thoisí féin chun an tsaighead atá tugtha a tharraingt.*

(iv) Tarraing an teilgean aicsiniméadrach críochnaithe den chomhartha bóthair.




**NÓ**


(b)

Tarraing an teilgean isiméadrach críochnaithe den chomhartha bóthair agus bain úsáid as modh an scála isiméadraigh.

**4.**

Taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló den chuid uachtarach sholas tráchta.

Tá an dearadh bunaithe ar shorcóir atá barrscoite agus ar phriosma triantánach comhshleasach atá barrscoite.





(a) Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.

(b) Déan forbairt ar an dromchla cuarach **A** den sorcóir.

(c) Déan forbairt ar an dromchla ingearach **B** agus ar an dromchla claonta **C** den phriosma.

**5.**




Taispeánann an fhíor lógó do chomhlacht ar a dtugtar seachadtaí LÁ & OÍCHE. Déantar trasfhoirmithe ar an lógó san ord seo a leanas:-

(i) Siméadracht aiseach

(ii) Siméadracht lárnach

(iii) Aistriúchán

(iv) Rothlú deiseal trí 120°.

Taispeánann **P1, P2, P3** agus **P4** suíomh P faoi gach ceann de na trasfhoirmithe sin.

Tarraing an fhíor a thugtar agus aimsigh an lógó de réir gach ceann de na trasfhoirmithe.

**6.** Taispeánann an fhíor an dearadh le haghaidh taca cinn do shuíochán cairr. Taispeántar sceitse den taca cinn freisin.

Is parabóil é an cuar ABC le rinn B.
Tá an stua DEF tadhalaíoch leis an éilips ag E.
Is pointí fócais den éilips iad A agus C.

Tarraing an dearadh a thugtar.

Taispeáin go soiléir na tógálacha is gá chun mór-ais agus mion-ais an éilips agus lár an stua DEF a aimsiú.

